

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2055 ÓN gCOIMISIÚN**an 23 Samhain 2021****Ilena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 chun miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2022 a leagan amach***(Fógra tugtha faoi deara faoi dhoiciméid C(2021) 8271)*

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ⁽¹⁾ ón gComhairle, agus go háirithe d'Airteagal 92b(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 ⁽²⁾, leagtar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit mar leithreasaithe ó Chistí Struchtúracha le haghaidh na bliana 2021 i gcomhréir le hAirteagal 92b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 92b(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ní mór Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 a athbhreithniú in 2021 chun miondealú acmhainní REACT-EU le haghaidh 2022 a leagan amach bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil faoin 19 Deireadh Fómhair 2021.
- (3) Ba cheart teideal Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 a leasú chun go n-áireofaí ann tagairtí do mhiondealú 2022.
- (4) In Iarscríbhinn VIIa a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 leagtar amach na critéir agus an mhodheolaíocht le haghaidh leithdháileadh acmhainní REACT-EU.
- (5) Ar chúiseanna clársceidealaithe ag na Ballstáit, ba cheart an miondealú sonrach a shloinneadh i bpraghsanna 2018 chun na hacmhainní a bheidh ar fáil go héifeachtach a leagan amach tar éis an méid le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin agus an tacaíocht le haghaidh costais riaracháin a asbhaint. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart miondealuithe a shloinneadh i bpraghsanna reatha chomh maith.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 ón gCoimisiún ina leagfar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022’;

2. uimhrítear an Iarscríbhinn mar ‘Iarscríbhinn I’;

3. déantar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, lena n-áirítear miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2022, a chur isteach mar Iarscríbhinn II.

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 320.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/182 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 ina leagfar amach miondealú acmhainní REACT-EU de réir Ballstáit le haghaidh na bliana 2021 (Tugadh fógra dó faoi dhoiciméid C(2021) 843) (IO L 53, 16.2.2021, lch. 103).

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

Elisa FERREIRA

Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

“

IARSCRÍBHINN II

LEITHDHÁILEADH REACT-EU – 2022

(In EUR)

	2022 praghsanna 2018	2022 praghsanna reatha
BE	65 678 817	71 092 864
BG	129 016 223	139 651 309
CZ	292 945 458	317 093 585
DK	30 237 404	32 729 938
DE	477 860 614	517 251 696
EE	27 410 709	29 670 233
IE	49 212 516	53 269 210
EL	256 696 718	277 856 782
ES	3 353 135 895	3 629 542 131
FR	783 463 169	848 045 730
HR	93 362 597	101 058 677
IT	2 849 397 546	3 084 279 540
CY	19 298 312	20 889 114
LV	18 833 529	20 386 018
LT	46 605 557	50 447 354
LU	3 602 204	3 899 141
HU	96 435 113	104 384 468
MT	10 312 226	11 162 285
NL	111 523 544	120 716 671
AT	55 005 031	59 539 214
PL	247 608 310	268 019 198
PT	503 146 935	544 622 423
RO	199 713 869	216 176 714
SI	14 474 977	15 668 180
SK	119 366 039	129 205 640
FI	33 851 812	36 642 291
SE	73 015 402	79 034 219
AE27	9 961 210 526	10 782 334 625